Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Obair Allamuigh sa Stair agus sa Tíreolaíocht

## Acmhainn chun tacú le múinteoirí agus obair allamuigh ar bun acu sa Stair agus sa Tíreolaíocht.

CC BY NC

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Forléargas | 2 |
| Áiteanna le Smaoineamh orthu don Obair Allamuigh | 3 |
| Iniúchadh ar an Timpeallacht Áitiúil (Céim 1+) | 4 |
| Iniúchadh ar an Timpeallacht Áitiúil (Céim 3+) | 6 |
| Ullmhúchán don Teagasc, don Fhoghlaim agus don Mheasúnú in Obair Allamuigh | 8 |
| Seicliosta Roimh Obair Allamuigh don Mhúinteoir | 9 |
| Seicliosta Roimh Obair Allamuigh don Pháiste | 11 |
| An Fráma Fiosrúcháin | 12 |
| Ceisteanna Athmhachnaimh ar Obair Allamuigh | 13 |
| Tagairtí | 14 |

# Forléargas

Áirítear sa leabhrán seo roinnt áiseanna is féidir a chur i bhfeidhm agus a athrú go réidh chun tacú le scoileanna chun obair allamuigh a dhéanamh sa stair agus sa tíreolaíocht.

# Áiteanna le Smaoineamh orthu don Obair Allamuigh

*Ní liosta iomlán é seo.*

| | |
|---|---|
| Láthair Arsa | Ionad oidhreachta |
| Déantúsáin | Teach |
| Trá | Eastát tithíochta |
| Droichead | Faiche |
| Caisleán | Láthair áitiúil béaloidis |
| Pluais | Iarsmalann |
| Gnáthóg Chósta | Páirc |
| Gairdín Pobail | Feirm Peataí / Feirm |
| Láthair Thréigthe | Ionad Adhartha |
| Sráidbhaile Éicea-fhoghlama | Planda pota |
| Gort | Lochán |
| Dún | Abhainn |
| Reilig | Sraith tithe |
| Fál sceach | Sráid |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Iniúchadh ar an Timpeallacht Áitiúil (Céim 1+)

*Tá sé beartaithe go dtacóidh an t-iniúchadh seo le múinteoirí ó chéim a haon ar aghaidh chun na féidearthachtaí don obair allamuigh a aithint ina dtimpeallacht áitiúil féin.*

| | |
|---|---|
| **Gnéithe Nádúrtha** | ☐ Cnoic bheaga le dreapadh ☐ Sruthán áitiúil ☐ Lochán éadomhain ☐ Gleann beag i bpáirc ☐ Goirt fhéarmhara |
| **Gnéithe Nádúrtha a cruthaíodh ag Próisis Fhisiciúla** | ☐ Áit ghainmheach ☐ Méaróga nó clocha beaga le bailiú ☐ Fána fhéarmhar nó aill bheag i bpáirc ☐ Patrúin na gaoithe i nduilleoga nó i ngaineamh |
| **Gnéithe Nádúrtha a Cruthaíodh ag Idirghníomhú le Flóra** | ☐ Gairdín beag ina bhfuil bláthanna ☐ Féarthalamh nó cluain ☐ Crainn chun breathnú ar dhuilleoga agus ar choirt ☐ Mion-ghnáthóga (m.sh. feithidí faoi lomáin |
| **Gnéithe Nádúrtha a nImríonn Daoine Tionchar Orthu** | ☐ Gairdín beag nó ceapach glasraí ☐ Ainmhithe feirme i bhfeirm peataí ☐ Clós súgartha ina bhfuil gnéithe nádúrtha ☐ Gairdín pobail |
| **Lonnaíochtaí** | ☐ Tithe atá déanta as ábhair éagsúla ☐ Foirgnimh feirme chun cuairt a thabhairt orthu ☐ Breathnú ar láithreán campála |
| **Láithreacha mar Bhunúis de Thithe Cónaithe** | ☐ Sainchomhartha amhail droichead ☐ Eaglais bheag nó ionad adhartha ☐ Fothracha de chaisleán ☐ Cearnóg nó áit mhargaidh i mbaile |
| **Obair sa Cheantar** | ☐ Cuairt a thabhairt ar fheirm chun fáil amach faoin dóigh a ndéantar bia ☐ Ag amharc ar leoraithe seachadta nó ar bhusanna ☐ Siopa nó caifé ☐ Ag amharc ar oibrithe tógála |
| **Iompraíocht agus Taisteal** | ☐ Trasrian coisithe sábháilte ☐ Staisiún traenach chun amharc ar thraenacha ☐ Stad bus cóngarach don scoil ☐ Rothair nó scútair in úsáid in aice láimhe |

| | |
|---|---|
| **Ceisteanna Timpeallachta** | ☐ Áit néata i gcomparáid le háit ina bhfuil bruscair ☐ Bláthanna a chur i spás beag ☐ Athruithe aimsire nó séasúir a phlé |

# Iniúchadh ar an Timpeallacht Áitiúil (Céim 3+)

*Tá sé beartaithe go dtacóidh an t-iniúchadh seo le múinteoirí a bheidh ag obair le páistí níos sine sa bhunscoil chun na féidearthachtaí don obair allamuigh a aithint ina dtimpeallacht áitiúil féin.*

| | |
|---|---|
| **Gnéithe Nádúrtha** | ☐ Cnoic ☐ Aibhneacha ☐ Sléibhte ☐ Srutháin ☐ Gleannta ☐ Locháin ☐ Talamh Íseal |
| **Gnéithe Nádúrtha a cruthaíodh ag Próisis Fhisiciúla** | ☐ Aillte ☐ Fálta ☐ Gleann ☐ Gaineamh ☐ Carraigeacha |
| **Gnéithe Nádúrtha a Cruthaíodh as Idirghníomhú le Flóra** | ☐ Talamh portaigh ☐ Gnáthóga Cladaigh ☐ Gnáthóga Cois Locha ☐ Sráidbhaile Éicea-fhoghlama |
| **Gnéithe Nádúrtha a nImríonn Daoine Tionchar Orthu** | ☐ Cairéil ☐ Feirmeoireacht ☐ Mianaigh ☐ Foraoiseacht ☐ Dambaí ☐ Láithreacha Líonadh Talún |
| **Lonnaíochtaí** | ☐ Tithe ☐ Lonnaíochtaí Cnuasta (m.sh. eastáit) ☐ Árasáin ☐ Lonnaíochtaí Scaipthe (m.sh. teach feirme) ☐ Árasáin ☐ Láithreacha Tréigthe ☐ Carbháin |
| **Láithreacha mar Bhunúis de Thithe Cónaithe** | ☐ Crosbhóithre ☐ Ionad adhartha ☐ Caisleán ☐ Cearnóg ☐ Dúnta ☐ Droichead |
| **Obair sa Cheantar** | ☐ An Cineál Oibre ☐ Naisc idir Áiteanna oibre (ar bhonn náisiúnta/ar fud an domhain) ☐ Tionchair na Tionsclaíochta/ Seirbhísí agus Gnólachtaí Áitiúla |
| **Iompraíocht agus Taisteal** | ☐ Bóithre ☐ Aerfoirt ☐ Stadanna Bus ☐ Calafoirt ☐ Iarnróid ☐ Cuain ☐ Canálacha |

| | |
|---|---|
| **Ceisteanna Timpeallachta** | ☐ Láithreacha Atá Tarraingteach agus Nach Bhfuil Tarraingteach<br>☐ Athruithe ar Láithreacha ☐ Scéimeanna atá Beartaithe |

# Ullmhúchán don Teagasc, don Fhoghlaim agus don Mheasúnú in Obair Allamuigh

*Ceisteanna a ndéanfaidh an múinteoir machnamh orthu*

Cén cuspóir atá ag an obair allamuigh?

Cad é an fócas atá ag foghlaim nua bunaithe ar an gcuraclam?

Cad iad na príomhinniúlachtaí atá á bhforbairt ag an pháiste?

Cad é mar a chothófar riachtanais, suimeanna agus cumais an pháiste?

An mbeidh an t-eispéireas foghlama mealltach agus spraíúil?

Cad iad na scileanna/coincheapa a bheidh idir lámha ag an bpáiste san obair allamuigh?

An bhfuil scil/coincheap/luach/meon ar leith atá á fhorbairt a thuilleadh?

Cad iad na roghanna a dhéanfaidh an páiste mar chuid den obair allamuigh?

Cad iad na comhréitigh a dhéanfar/ is féidir a dhéanamh do na páistí i rith na hoibre allamuigh?

An bhfuil deiseanna ann chun naisc a dhéanamh ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus/nó domhanda?

Cad é mar a dhéanfaidh an múinteoir agus an páiste measúnú agus monatóireacht ar obair an pháiste?

An bhfuil deiseanna ann do chomhpháirtíochtaí le linn na hoibre allamuigh (m.sh. le teaghlach/leis an bpobal)?


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


# Seicliosta Roimh Obair Allamuigh don Mhúinteoir

*Ceisteanna agus ábhar machnaimh molta. Ní liosta iomlán é seo.*

| Tascanna | Ceisteanna agus Ábhar Machnaimh | Nótaí |
|---|---|---|
| 1. Roghnaigh dáta agus áit don obair allamuigh | • Amharc ar thuar na haimsire<br>• Priontáil léarscáil den suíomh | |
| 2. Faigh an cead atá de dhíth | • An bhfuil cead ó bhainistíocht na scoile/ cead tuismitheora de dhíth?<br>• An mbeidh iompraíocht chuig an áit de dhíth ort?<br>• An bhfuil baill eile foirne de dhíth ort le dul leat? | |
| 3. Tabhair réamhchuairt ar an áit | • Glac nóta d'fhadhbanna sábháilteachta nó lóistíochta<br>• Déan seiceáil ar chomhartha gutháin ag an áit.<br>• Glac nóta d'éirchód na háite<br>• An bhfuil dífhibrileoir sa cheantar? | |
| 4. Ceisteanna sábháilteachta agus bainistíocht riosca | • Amharc ar cháipéisí polasaí chun teacht ar na treoirlínte is déanaí.<br>• Smaoinigh ar an turas chun na háite agus ar ais. *An mbeidh: aon bhóthar le trasnú? obair thógála ar siúl? beostoc ann? aibhneacha nó foinsí uisce? imeall gan chosaint? bóthar gan chosán? srl.*<br>• Cén trealamh sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ort?<br>• Smaoinigh ar shábháilteacht le linn an bhailithe sonraí. | |
| 5. Cúrsaí Ionchuimsithe | • Cad iad na hoiriúnuithe atá á ndéanamh le go mbeidh sé ina éispéireas ionchuimsitheach? | |
| 6. Cruinniú faisnéise roimh obair allamuigh | • Roimh chuairt a thabhairt ar an áit, cinntigh go dtuigeann páistí an cuspóir atá ag an obair allamuigh agus a ról, na prótacail maidir le sábháilteacht srl.. | |
| 7. Ullmhúchán an mhúinteora do lá na hoibre allamuigh | • Cead tuismitheora/scoile<br>• Liosta scoláirí<br>• Liosta na mball foirne a bheidh i láthair<br>• Seiceáil a dhéanamh ar thuar na haimsire | |


| | | |
|---|---|---|
| | • Liosta uimhreacha teagmhála: scoil, tuismitheoirí, uimhreacha i gcás éigeandála<br>• Trealamh don bhailiú sonraí<br>• Trealamh sábháilteachta atá riachtanach<br>• Ábhar taifeadta atá de dhíth don obair allamuigh | |

# Seicliosta Roimh Obair Allamuigh don Pháiste

| | Rud | Ticeáil |
|---|---|---|
|  | Veisteanna sofheicthe | |
|  | Cóta agus bríste uiscedhíonach | |
|  | Buataisí | |
|  | Mála beag | |
|  | Lón | |
|  | Fios ag gach duine ar an ngrúpa ina bhfuil siad | |
|  | Peann luaidhe agus scriosán | |
|  | Fásc-chlár (Rogha eile – leathanaigh lannaithe agus pionna éadaigh) | |
|  | Uirlisí tomhais; gloiní formhéadúcháin, compás, iPads nó ceamaraí, má bhaineann le hábhar | |
|  | Léarscáil an cheantair | |
|  | Tuiscint ar an obair allamuigh | |

# An Fráma Fiosrúcháin

*(curtha in oiriúint ó Murdoch, 2010)*
*Tiontaigh an leathanach le do thoil.*






Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ceisteanna Athmhachnaimh ar Obair Allamuigh

*Is féidir na ceisteanna seo a úsáid chun páistí a spreagadh le hathmhachnamh a dhéanamh ar a dtorthaí agus teacht ar chonclúidí.*

| Ceisteanna Ginearálta Athmhachnaimh | Ceisteanna Criticiúla Athmhachnaimh |
|---|---|
| 1. Cad é a bhí rathúil? Cén fáth?<br>2. An raibh aon dúshlán ann? Cad é mar a thug tú fúthu?<br>3. Cad é a fuair tú amach? | 1. Cad é a dhéanfá ar dhóigh eile dá mbeifeá leis an obair allamuigh a dhéanamh arís?<br>2. An raibh na torthaí ag teacht le do thuartha?<br>3. Ar chuir tú do thorthaí i gcomparáid le torthaí ghrúpa eile? An bhfuil siad ag teacht le chéile? Cén fáth a bhfuil? Cén fáth nach bhfuil?<br>4. Ar chuir rud ar bith iontas ort?<br>5. Cad é a insíonn do thorthaí duit faoi...?<br>6. Cad é mar is féidir leat an t-eolas seo a úsáid?<br>7. Cén dóigh is fearr, dar leat, chun na torthaí a léiriú?<br>8. An féidir leat do thorthaí a úsáid chun aon ghníomh a dhéanamh?<br>9. Cad is féidir le duine eile foghlaim ó do thorthaí?<br>10. Inis dúinn faoi d'eispéireas ag obair mar bhall de ghrúpa.<br>11. An féidir leatsa agus le do ghrúpa teacht ar chonclúid maidir leis an chiall atá ag na torthaí? Cén fhianaise atá agaibh chun tacú le bhur gconclúid? |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tagairtí

Barell, J. (2007) *Problem-Based Learning: An Inquiry Approach*. Illustrated edn. Thousand Oaks, CA: SAGE Publications.

Lupton, M. (2013). Inquiry pedagogy and the Australian Curriculum. *The Primary and Middle Years Educator*, *11*(2), 23-29.

Martin, F. (2006). Teaching geography in primary schools. *Chris Kington, Cambridge*.

Murdoch, K. (2010). Phases of inquiry. Kath Murdoch. http://kathmurdoch.com.au/uploads/media/phasesofinquiry.pdf

Remmen, K.B. & Frøyland, M., 2014. Implementation of guidelines for effective fieldwork designs: exploring learning activities, learning processes, and student engagement in the classroom and the field. International Research in Geographical and Environmental Education, 23, pp.103–125.

.

## Nótaí



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers